NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

ceardlann
03

FÓCAS AR AN BHFOGHLAIM

# AISEOLAS FOIRMITHEACH

# San aonad seo táimid ag foghlaim conas…

- Ról aiseolas foirmitheach den scoth a thuiscint i dtaca le foghlaim scoláirí a fheabhsú
- Tréithe aiseolas foirmitheach den scoth sa seomra ranga a aithint
- Straitéisí a aithint chun **aiseolas níos fearr a thabhairt do scoláirí**

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tosaíochtaí John Hattie le haghaidh teagasc agus foghlaim éifeachtach

| | |
|---|---|
| Spriocanna follasacha | dá fhollasaí na spriocanna ag an múinteoir, is mó an seans go mbeidh an scoláire páirteach san obair atá de dhíth leis an sprioc a bhaint amach. |
| Critéir Ratha | dá eolaí an scoláire ar na critéir ratha, is mó a fheicfidh an scoláire na gníomhartha ar leith atá de dhíth chun na critéir sin a ghnóthú. |
| Aiseolas foirmitheach mear | dá mhéad aiseolas a bhíonn ann faoi dhul chun cinn ó thorthaí a bhí ann go dtí torthaí inmhianaithe is mó na tréithe dearfacha don fhoghlaim a fhorbraítear. |

# Cad é atá i gceist againn le haiseolas foirmitheach?

'In aiseolas ar bith a thugtar do scoláire ba chóir go mbeadh trácht ar shaincháilíochtaí a chuid oibre, agus comhairle ann ar na rudaí is féidir leis a dhéanamh chun feabhsú, agus níor chóir go gcuirfí iad i gcomparáid le scoláirí eile.'

*Inside the Black Box*, Black & Wiliam, 1998

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tréithe aiseolas foirmitheach

Ba chóir go dtabharfadh aiseolas



# Cén fáth a bhfuil aiseolas foirmitheach tábhachtach?

- Díríonn sé ar fheabhsú
- Baineann sé an bhéim den iomaíocht
- Feabhsaíonn sé inspreagadh agus uaillmhian foghlama

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Saghsanna aiseolais

## *Aiseolas ó bhéal*

- Le linn an cheachta/na gníomhaíochta
- Pearsanta agus láithreach
- Idirghníomhach(dhá bhealach)

# Saghsanna aiseolais

## *Aiseolas scríofa*

- Go hiondúil tarlaíonn sé nuair a bhíonn an tasc críochnaithe
- Marcanna amháin
- Marcanna agus tuairimí
- Tuairimí amháin

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Is trí mharcáil le tuairimí amháin is fearr a chabhraítear le scoláirí feabhsú

| Grúpaí de scoláirí dá dtugtar: | Feabhas san obair | Spéis san ábhar |
|---|---|---|
| Marcanna/gráid amháin | **Náid** | + don ghrúpa a bhaineann ardtorthaí amach<br>- meántorthaí/ ísealtorthaí |
| Marcanna/gráid+ tuairimí | **Náid** | + don ghrúpa a bhaineann ardtorthaí amach<br>- meántorthaí/ísealtorthaí |
| Tuarimí amháin | **30%** | + do gach grúpa |

*Torthaí taighde, Black & Wiliam,1998*

# Rudaí ba chóir a sheachaint nuair a bhítear ag tabhairt aiseolais

Barraíocht

Gan go leor

Fadhbanna

Ródhoiléir

Ródhéanach

# Aiseolas piara

Scil is féidir a fhorbairt le treoir thar thréimhse ama.

***Roinnt tairbhí:***

- Foghlaimíonn scoláirí conas na critéir ratha a aithint atá i láthair nó nach bhfuil i láthair i bpíosa oibre
- Éiríonn siad níos oilte agus iad ag measunú a gcuid oibre féin
- Cothaíonn sé foghlaim chomhoibríoch
- Go minic is mó an aird a bhíonn ag scoláirí ar aiseolas piara

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Agus tú ag tabhairt aiseolais

- **Dírigh ar an obair ní ar an scoláire**
- **Dírigh d'aiseolas ar na critéir ratha**– '*Cuimhnigh go dtugann tú fianaise ón scéal chun tacú le do thuairimí* …' ina dhiaidh sin tabhair barúil ar an mbealach chun tabhairt faoin bhfadhb.
- **Níos lú den mholadh – níos mó den spreagadh**: '*Is maith a fheiceáil gur chuimhnigh tú …', Is breá liom an iarracht atá tú a dhéanamh …',*
- **Seachain moladh nach bhfuil tuillte nó atá iomarcach** – Tá a fhios ag scoláirí nuair atá moladh tuillte, mar sin bíodh do mholadh macánta.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Mar achoimre…

***Más aiseolas éifeachtach atá uait***

- Déan nasc idir an t-aiseolas agus an intinn foghlama agus na critéir ratha
- Aithin áit ar bith a raibh rath ar an obair
- Leag síos sprioc chun feabhsú a dhéanamh
- Taispeáin cá háit agus cén chaoi a dtarlódh feabhsú
- Tabhair am do scoláirí chun feabhsúcháin a dhéanamh
- Tosaigh le rudaí beaga

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Pléigh

- An bhfuil ciall leis seo i do bharúil?
- Cad iad na tairbhí agus na dúshláin a fheiceann tú sa chur chuige seo?

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment